Bus Átha Cliath

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2005




PRN.A6/0415

# Clár


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochtaí | 3 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 7 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 8 |
| Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 11 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 12 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 14 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 16 |
| Clár Comhardaithe | 17 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 18 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 19 |




Ba mhian le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt don mhaoiniú ar olltionscadail ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 – 2006 agus Iompar 21 mar aon le cómhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

**Grianghrafadóir:** Mark McCall

**Dearadh:** firstimpression

# Athbhreithniú Oibríochtaí


Lean Bus Átha Cliath de bheith ag tógáil agus ag feabhsú ar an bhfeidhmíocht láidir le blianta beaga anuas. Taifeadadh barrachas de os cionn €2 mhilliún, tógtha ar rialuithe láidre airgeadais chomh maith le fás ioncaim de €181m. Is fostóir ollmhór é Bus Átha Cliath do limistéar Bhaile Átha Cliath agus is ranníocóir é do chistí Státchiste trí íocaíocht ranníoca CBL, ÍMAT agus ÁSPC, a bhíonn os cionn €40 milliún in aghaidh na bliana.




I dtéarmaí airgeadais, fuair Bus Átha Cliath, ar nós gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip, íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) ar a dtugtar fóirdheontas de ghnáth, ón úinéir. Maidir le 2005 ba shin 26% de chostais oibríochta, agus is ionann sin agus €65 milliún agus tá sé ar cheann de na leibhéil fóirdheontais is ísle a thugtar do chuideachta bus iompair phoiblí san Eoraip. Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana maidir le leibhéil seirbhíse agus spriocanna don bhliain idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. Tá an leibhéal Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ag brath ar na spriocanna feidhmíochta áirithe a bhaint amach agus baineadh amach iad sin ar fad i rith na bliana agus i roinnt cásanna chuathas thar na spriocanna a bhí leagtha amach sa Mheabhrán.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít de 1,067 bus ar 170 bealach, ag taisteal beagnach 60 milliún ciliméadar sa bhliain, agus is ionann sin agus ardú 5% i míleáiste ó 2004. Mhéadaigh an flít i 2005 le busanna nua le trí acastóir, a maoiníodh faoi phlean Iompar 21 nua de chuid an Rialtais ag costas de thart ar €7 milliún. Soláthraíonn na busanna nua dhá stór seo 20% níos mó cumais ná na gnáth chineálacha busanna. Bhí an-thóir ar na busanna sin agus athbhreithneofar tuilleadh infheistíochta sa chineál sin bus i 2006.

Bhí 146 milliún paisinéirí ann i 2005. Tógann na figiúirí sin san áireamh aistriú beagnach sé mhilliún custaiméirí bus ó bhealaí a bhí in aice le bealaí Luas agus a bhí comhthreomhar le bealaí Luas. In ainneoin infheistíocht shuntasach ó thaobh an Luas a thógáil agus a thabhairt isteach i 2004, tá Bus Átha Cliath ar an soláthróir iompair phoiblí is mó fós i mBaile Átha Cliath, agus tá rochtain ag 93% de dhaonra Bhaile Átha Cliath ar na seirbhísí ansin agus roghnaíonn os cionn 70% d'úsáideoirí iompair phoiblí an bus mar a modh iompair. Léiríonn na figiúirí sin go soiléir go soláthraíonn busanna gan dabht réiteach iompair dáiríre le torthaí láithreacha, intomhaiste agus seirbhís luach ar airgead don Rialtas agus do chustaiméirí araon. Rinneadh roinnt athruithe agus feabhsúcháin ar an ngréasán i rith 2005. Áirítear orthu sin minicíochtaí níos mó i mBré, síneadh Fhionnghlaise go dtí Baile an Tirialaigh, feabhsúcháin ar Bhealaí Ardchaighdeáin Bus Mhullach Íde agus Sord. Feidhmíodh athruithe seirbhísí i gceantair Ráth Maoinis agus Dún Droma, de bharr thabhairt isteach an Luas.





Iompraíonn Bus Átha Cliath os cionn 70% de chustaiméirí Iompair Phoiblí i mBaile Átha Cliath gach maidin

# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar lean)

Reáchtáladh roinnt feachtas margaíochta ar éirigh leo i 2005. Áirítear orthu sin cur chun cinn Rambler i gcomhar le Zú Bhaile Átha Cliath, feachtas sábháilteachta a reáchtáladh le Bus Éireann agus feachtas NiteLink ar éirigh leis. Ina theannta sin, athdhearadh go leor de bhróisiúir agus foilseacháin na cuideachta sa dara leath den bhliain chun leagan amach comhsheasmach a léiriú agus ionas go mbeadh sé níos éasca ag custaiméirí teacht ar eolas maidir lenár dtáirgí agus agus ár seirbhísí.


Gach lá oibríonn Bus Átha Cliath i gcathair a deir saineolaithe iompair fúithi gurb í an chathair is measa í ó thaobh plódú agus tranglam tráchta í do chathair dá méid. Baineann an chuideachta leas as an saineolas agus an taithí atá acu go leanúnach chun dul i ngleic leis an gcás sin, ach mar sin féin measann BDO Simpson Xavier Consulting go bhfuil costas €60 milliún in aghaidh na bliana ar an gcuideachta mar gheall ar phlódú tráchta.

Ní amháin go mbraitheann mar a éireoidh le Bus Átha Cliath córas iompair phoiblí éifeachtúil a sholáthar ar oibríochtaí na cuideachta ach brathann sé freisin ar thosaíocht busanna agus níos suntasaí fós ar thabhairt isteach Bealaí Ardchaighdeáin Bus (QBC). Bhí na QBCanna mar chroífhachtóirí ag cuidiú le Bus Átha Cliath seirbhís níos éifeachtaí a sholáthar do chomaitéirí. Léiríonn taithí á mhéid tosaíocht a thugtar, is amhlaidh a bhíonn níos mó fáis i líon na bpaisinéirí agus thosaigh Bus Átha Cliath i 2005 i mbun athbhreithnithe domhain suntasach ar an ngréasán i gcomhthéacs leathnú an ghréasáin QBC agus flít Bhus Átha Cliath. Léiríonn QBC Stigh Lorgan na tréithe is fearr de thosaíocht bus i mBaile Átha Cliath, de bharr den chuid is mó tosaíocht bus leanúnach do mhóramh na mbealach. Mhéadaigh an líon custaiméirí ar QBC Stigh Lorgan 210% le fás suntasach ar go leor bealaí eile ar nós Mullach Íde (84%) agus Leamhcán (36%). Beidh an infheistíocht molta faoi Iompar 21, chun an líon QBCanna a dhúbailt, ríthábhachtach chun amanna turais bus níos tapúla agus fás i líon na bpaisinéirí bus a bhaint amach agus beidh sé riachtanach chun go mbeidh modh eile iompair phoiblí mar rogha dáiríre ag úsáideoirí carranna.




Deighilt Bus/Carr ag Bealach isteach Buaicam AM Cordón Canáil (7-10) 1997 v 2004

Tá sé d'fhreagracht ar Bhus Átha Cliath lena raon táirgí agus ticéad, an tseirbhís iompair is fearr agus is féidir leo a fhreastalóidh ar riachtanais agus éilimh an phobail a sholáthar. Lean an chuideachta a bheith solúbtha agus freagarthach i 2005 maidir le héilimh athraithe na cathrach agus ionchais custaiméirí. Tá soláthar faisnéis chruinn, éasca le tuiscint agus tráthúil riachtanach do dhílseacht ár gcustaiméirí agus fuair ár láithreán gréasáin www.dublinbus.ie 1.6 milliún buille i 2005. Is ionann sin agus a rá gur bhain os cionn 130,000 úsáideoir in aghaidh na míosa leas as na seirbhísí sin lena n-áirítear ticéid a cheannach ar líne, léarscáileanna, tráthchláir agus faisnéis phleanála bealaigh. Ina theannta sin, bhí os cionn 1.4 milliún iarratas ar fhaisnéis ar sheirbhís téacs tráthchláir bus, BUSTXT. Bhí leathnú breise ar ghréasán gníomhaireachta ticéad trína ndíolann Bus Átha Cliath ticéid lena gcustaiméirí. I 2005 mhéadaigh líon na ngníomhairí ticéad go dtí os cionn 400.




is ionann % agus cion ioncaim paisinéirí in iomlán

Sa bhreis ar sholáthar faisnéise leanann Bus Átha Cliath ag forbairt a raon ticéad réamhíoctha chun na roghanna níos mó maidir le hiompar poiblí do chomaitéirí agus a roghanna stíl maireachtála a léiriú. Is féidir le custaiméirí


# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar lean)

leas a bhaint as raon iomlán ticéid bus amháin, bus/Luas agus bus/iarnróid. Cuireann na ticéid sin lascainí móra ar fáil mar aon le solúbthacht agus léirítear an méid tóir atá orthu leis an ardú ar dhíolacháin.

- Mhéadaigh díolacháin ticéad réamhíoctha 75% i dtéarmaí úsáide paisinéirí ó 2001, le hioncam de €50 milliún do 2005.
- Lean an tóir ar raon táirgí Rambler réamhíoctha ag fás agus is ionann a ndíolacháin anois agus 45% den ioncam réamhíoctha in iomlán.
- Bhí díolacháin de bheagnach €17 milliún ag scéimeanna sochair chomhchineála TaxSaver i 2005. Baineann os cionn 40,000 comaitéirí as 1,700 cuideachta i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird leas as lascainí substaintiúla ar a gcostais taistil de bharr a dticéad TaxSaver.

Dhírigh infheistíocht chaipitil ag Bus Átha Cliath agus an Rialtas ar fheabhas a chur ar an bhflít agus iad a bheith nios nua-aimseartha, ag ionchorprú na teicneolaíochta is déanaí inár gcóras agus ag tacú le lánpháirtiú agus forbairt iompair phoiblí iomlán. Áirítear ar na feabhsúcháin sin:

- 50 bus dhá stór a cheannach chun seanbhusanna a athsholáthar. Tá an clár athsholáthair flít lárnach maidir le soláthar flít compordach agus nua-aimseartha, ag cur leis an gcéatadán busanna urláir-íseal inrochtana agus cinntíonn sin costais oibríochta éifeachtúlacha.
- Thosaigh 20 bus nua le trí acastóir á seachadadh i Nollaig 2005, a maoiníodh faoi phlean Iompar 21 an Rialtais ag costas de thart ar €7 milliún. Soláthraíonn na busanna nua dhá stór seo 20% níos mó cumais ná na gnáth chineálacha busanna.
- Cóiríodh os cionn 90% den fhlít sin le córais slándála CCTV digiteach nua. Bíonn suas le hocht gceamara digiteacha feistithe sa chóras den scoth seo, a bhíonn ag taifeadadh gach gníomhaíochta ar bord go leanúnach. D'fheabhsaigh an córas sin sábháilteacht agus slándáil ár gcustaiméírí, ár bhfoirne agus ár bhflít. Mhaoinigh an Roinn Iompair an tionscadal a raibh costas €2.8 milliún ag baint leis.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt chóras nua ticéadaithe ar-an-mbus. Cóiríodh os cionn 75% den fhlít sin le meaisíní ticéadaithe nua. Soláthróidh na meaisíní sin ardán chun tacú le tabhairt isteach ticéadú cárta cliste. Forbraíodh clár leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) a mhaoirseoidh feidhmiú cárta cliste ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath go luath i 2007 agus tabhairt isteach Córas Ticéadaithe Comhtháite (ITS) cárta cliste i 2008.
- Leanann an chuideachta ag comhlíonadh a tiomantais maidir le daoine faoi bhac gluaiseachta agus tá 50% den fhlít busanna inrochtana go hiomlán agus tá os cionn 40% de gach bealach Bhus Átha Cliath inrochtana go hiomlán. Fuair an chuideachta €1.75 milliún in iomlán i 2005 ón Roinn Iompair agus chuir an maoiniú sin ar chumas colbhaí nua Kassel a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas a shuiteáil mar aon le foscadáin bus le painéil eolais agus reáchtáladh feachtais eolais agus oideachais agus fógraí meáin. Bhain Bus Átha Cliath gradam "Coimeád agus Dea-Bhail" arís ag Gradaim Cumais $O_2$.



# Athbhreithniú Oibríochtaí (ar lean)

Is í Bus Átha Cliath an t-aon chuideachta Éireannach atá san áireamh i Compendium of Good Practice in Workplace Diversity (2005), atá curtha le chéile ag an gCoimisiún Eorpach. Is daingniú dár dtiomantas maidir le héagsúlacht agus aitheantas é an líon dár bhfostaithe ar mionlaigh eitneacha, daoine níos sine agus daoine le míchumas iad, an chuideachta a bheith san áireamh sa tuarascáil sin.

Reáchtáil Bus Átha Cliath roinnt feachtais eolais seó-bóthair seachtraí i rith na bliana. Bhí na feachtais 'It's Your Service" ar siúl in Ionad Siopadóireachta Chearnóg Thamhlachta agus in Ionad Siopadóireachta Dhomhnach Míde. Bhí seastáin eolais san áireamh sna seónna le pearsanra ón áras áitiúil ag gach leibhéal ann mar aon le comórtais agus siamsaíocht do na leanaí. Thug na feachtais sin ar éirigh thar cionn leo deis don chuideachta meascadh le custaiméirí agus éisteacht lena moltaí agus lena dtuairimí.

Mar chuid den bhéim a chuireann an chuideachta ar oiliúint agus ar chúram custaiméirí, leanadh le cúrsaí oiliúna speisialaithe maidir le aithne níos fearr a chur ar an bhflít agus sábháilteacht tiománaithe ar feadh na bliana. Forbraíodh an clár Feasacht Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCA) 2005 le cúrsaí cumarsáide don fhoireann go léir agus seisiúin traenála don fhoireann maoirseoirí agus bainisteoirí. Eisíodh lámhleabhair nua sábháilteachta tiománaithe don fhoireann a bhíonn ag tiomáint chun feasacht sábháilteachta a atreisiú tuilleadh. Tá ardchaighdeán agus sábháilteacht seirbhísí Bhus Átha Cliath fíorthábhachtach don chuideachta. Tá leibhéil timpiste imbhuailte síos 4% ó 2004. Tá timpistí custaiméirí síos 13% ó 2004. Ina theannta sin tá cóimheas éilimh/timpistí na cuideachta ag 22% faoi láthair, an leibhéal is ísle le 10 mbliana.

Tá an ré de sholáthairtí saor breosla iontaise ag teacht chun deiridh. I gcás ola, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar tromchúiseach ag ídiú soláthairtí agus ardú ar phraghas ar an tionscal iompair sa chéad fiche bliain eile. Toisc gur oileán sinn a allmhairíonn beagnach 90% dá riachtanais fuinnimh faoi láthair, beidh soláthair soláthar fuinnimh inghlactha comhshaoil agus slán ag costas réasúnach ar cheann de na dúshláin is mó a bheidh roimh an tír seo sna blianta amach romhainn. Is féidir an fhadhb a mhaolú trí úsáid níos lú agus níos éifeachtúlaí den fhuinneamh atá ar fáil mar aon le foinsí fuinnimh inathnuaite eile a fhorbairt.

Tá Bus Átha Cliath ag athbhreithniú breoslaí ailtéarnacha agus teicneolaíocht feithiclí ailtéarnacha. Tá níos mó airde á dhíriú ar roghanna ailtéarnacha mar sin ar fud an domhain arís de bharr go bhfuil praghas na hola ag ardú. Tá an t-athbhreithniú ag cur san áireamh freisin an gá atá le laghduithe a bhaint amach in Astúcháin Gháis Ceaptha Teasa agus an chaoi a bhfuiltear ag brath ar ola allmhairithe a laghdú. Áireofar sna réimsí a mbeifear ag clúdach san athbhreithniú:

- úsáid bithbhreoslaí/olaí glasraí;
- úsáid cumaisc bith-dhíosal; agus
- úsáid feithiclí hibrideacha le breosla éifeachtúlach (a mheascan mótar leictreach le hinneall dó inmheánach le breosla díosail).

Feiceann an chuideachta seirbhís don phobail mar chroí luach agus tá mar a éiríonn leis an ngnó nasctha go dlúth le dea-bhail na bpobal a mbítear ag freastal orthu. Ó 2004 fuair thart ar 300 carthanacht €500,000 ó Chlár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath. Aithníonn an clár sin obair ghrúpaí deonacha atá tiomanta difríocht a dhéanamh laistigh dá bpobail.

D'éirigh leis an gcuideachta go han-mhaith freastal ar na dúshláin go léir a tháinig roimpi go dtí seo agus oibreoidh sí le leanúint ar aghaidh sa tslí sin. Leanfaidh Bus Átha Cliath ag freastal ar riachtanais chathair atá ag fás agus oibreoidh sí go dlúth leis an Roinn Iompair chun seirbhís bus a bheidh ag feabhsú i gcónaí a chur ar fáil. Chruthaigh an bus é féin le blianta anuas mar chnámh droma iompair phoiblí agus gan dabht is é an modh iompair phoiblí is solúbtha agus is eacnamúla é don chathair agus don phobal.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

**Stiúrthóirí amhail an 24ú Márta, 2006**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J.J. Lynch |
| **Stiúrthóirí** | An tUasal T. Coffey<br>An tUasal D. Egan<br>An tUasal B. McCamley<br>An tUasal J. Moloney<br>An tUasal A. O'Byrne<br>An tUasal P. Webster |
| **Príomhfheidhmeannach** | An tUasal J. Meagher |
| **Rúnaí** | An tUasal P. O'Neill |
| **Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1. |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Faic** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte,<br>agus Iniúchóirí Cláraithe,<br>Plás Wilton,<br>Baile Átha Cliath 2. |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tíolacann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2005.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta soláthar seirbhís bus chuimsitheach do chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird.

Thaifeadaigh Bus Átha Cliath barrachas trádála de €2 mhilliún i 2005. B'ionann ioncam na cuideachta, a rialaíonn an Roinn Iompair, agus €181 milliún i 2005, ardú de 2.2% ar 2004. Leanann an chuideachta ag díriú ar sholáthar dea-sheirbhíse do chustaiméirí agus ar fhorbairt flít agus gréasáin araon. Tá líon na bpaisinéiri beagán níos ísle ná 2004, iompraíodh 146 milliún duine i 2005 (2004-149 milliún) de bharr tionchar Luas agus tabhairt chun críche oibreacha uasghrádaithe an DART ar an deireadh seachtaine i rith na bliana mar bhíodh an chuideachta ag tabhairt tacaíochta bus dóibh. Léiríonn na treochtaí paisinéirí fás dearfach ó thaobh an líon paisinéirí agus tá an chuideachta muiníneach go mbeidh ardú ar líon na bpaisinéirí i 2006 agus go bhfanfaidh an bus mar an chnámh droma d'iompar poiblí sa phríomhchathair. Ceadaíodh ardú 3.5% ar tháillí in Eanáir 2005.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanann Bus Átha Cliath ag infheistiú chun feabhas a chur ar an bhflít agus ar sheirbhísí do phaisinéirí. Áirítear ar an infheistíocht chaipitil i rith 2005:

- 66 bus dhá stór le hurlár íseal
- €1 milliún ar thionscadail inrochtana éagsúla
- €1.8 milliún ar shuiteáil CCTV ar bhusanna (costais iomlána na dtionscadal €2.8 milliún)

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Chríochnaigh gach fostaí an clár feasachta ar chomhionannas, ar eitneachas agus ar ionrochtana. Tá creidiúnú de dheimhniú ón Institute of Advanced Motoring ag os cionn 90% de na tiománaithe. Leanadh le clár forbartha bainistíochta le roinnt bainisteoirí ag tabhairt chun críche staidéar MBA agus tuilleadh fós ag déanamh cúrsaí éagsúla eile. Ina theannta sin leanadh leis an gclár Feasacht Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCA) le cúrsaí cumarsáide agus cúrsaí maidir le cúram custaiméirí don fhoireann go léir.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuidíonn an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta le Bus Átha Cliath timpeallacht oibre comhlíontach níos éifeachtúlaí a sholáthar don fhoireann, freastal ar riachtanais athraithe na gcustaiméirí agus ceangal níos fearr a fhorbairt leis an an bpobal go léir a mbítear ag freastal orthu.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta seirbhís d'ardchaighdeáin a sheachadadh do na custaiméirí go léir agus ionad oibre uilechuimsitheach agus cothrom a chruthú a mbíonn meas ar dhaoine aonair agus gur féidir le daoine oibriú chomh maith agus a bhíonn siad in ann.

Tá plean gnímh forbartha ag an gcuideachta a chlúdaíonn roinnt réimsí lena n-áirítear na prionsabail comhionannais agus uilechuimsitheachta maidir le bainistiú daoine a fheidhmiú, foireann a bheith rannpháirteach a léiríonn éagsúlacht den fhórsa oibre agus ag déanamh meastóireachta ar bhuntáistí aon athruithe a dhéantar i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht.

Roghnaíodh an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta le cur san áireamh sa Compendium of Good Practice in Diversity de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Rinneadh staidéar, a mhaoinigh an Coiste Creat Oibre Náisiúnta do Chomhdheiseanna ag Leibhéal na Fiontraíochta, chun féachaint go sonrach ar ról agus ar dhul chun cinn na mban san ionad oibre.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 14 go dtí 28. Léiríonn torthaí do 2005 barrachas de €1,996,000 (2004 – €2,039,000).

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta go hiomlán don Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na rialacháin eile ar fad náisiúnta agus AE. Coimeádtar an Ráiteas Sábháilteachta a ghlac an chuideachta i Feabhra 1994 faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta sin ar bhonn leanúnach.

D'fhorbair an chuideachta cáipéis Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) i rith 2005. Sonraíonn sin na nósanna imeachta agus na freagrachtaí maidir le gach gné de bhainistiú sláinte agus sábháilteachta laistigh den chuideachta. Leanann na coistí sábháilteachta a bunaíodh blianta roimhe seo ag rannpháirtiú fostaithe i ngach gné de bhainistiú sábháilteachta agus riosca.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht ina chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Íocaíocht Mhall) 2002. Is é beartas íocaíochta na cuideachta ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh.

## Príomhrioscaí

Déileálann Bus Átha Cliath leis na príomhrioscaí don ghnó ar roinnt bealaí lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht a bhfuil tuairisc tugtha orthu thuas. Coimeádtar clárlann riosca a thugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil a scrúdaíonn na rioscaí éagsúla don chuideachta agus áirítear ann pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Téann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, i mbun airgead a cheannach roimh ré nuair a bhreithnítear go bhfuil luach agus riosca níos lú ann don chuideachta.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Soláthraítear sonraí de bheartais agus nósanna imeachta a d'fheidhmigh an chuideachta tar éis fhoilsiú Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i gcuntais Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Is é/í cathaoirleach Chóras Iompar Éireann a cheapann stiúrthóirí na cuideachta le toiliú an Aire Iompair. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí le linn na bliana dar chríoch, 31ú Nollaig, 2005 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Mura bhfuil a mhalairt léirithe bhíodar ina stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| An Dr. J.J. Lynch | Cathaoirleach |
| An tUasal G. Charles | (Scoir an 30ú Samhain, 2005) |
| An tUasal T. Coffey | (Ath-cheaptha an 29ú Aibreán, 2005) |
| An tUasal D. Egan | (Ath-cheaptha an 9ú Feabhra, 2005 agus an 9ú Feabhra, 2006) |
| A.M. Mannix Uasal | (Scoir an 30ú Samhain, 2005) |
| An tUasal B. McCamley | (Scoir an 30ú Samhain, 2005, athcheaptha an 1ú Eanáir, 2006) |
| An tUasal J. Moloney | (Ceaptha an 1ú Eanáir, 2006) |
| An tUasal A. O'Byrne | (Ath-cheaptha an 1ú Meitheamh, 2005) |
| An tUasal P. Webster | (Ath-cheaptha an 1ú Meitheamh, 2005) |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid na cuideachta sealbhaíochta nó de chuid a fochuideachtaí ag na stiúrthóirí nó ag an rúnaí, ag aon am i rith na bliana.

Ní dhearnadh aon chonarthaí nó aon shocruithe i rith na bliana a raibh leas ábharthach ag stiúrthóir i ndáil le gnó an Ghrúpa.

Scoir an Dr. Alan Westwell, Stiúrthóir Bainistíochta i Márta 2005. Thosaigh an Dr. Westwell le Bus Átha Cliath i 1997 agus bhí baint mhór aige leis an gcuideachta a bhrú chun cinn maidir le seirbhís do chustaiméirí agus feidhmíocht araon. Thosaigh an tUasal Joe Meagher, Príomhfheidhmeannach leis an gcuideachta i mBealtaine 2005.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne,** Stiúrthóir

24ú Márta, 2006

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó caillteanas na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Átha Cliath – Dublin Bus

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 14 go dtí 28.

## Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus leagtha amach ar leathanach 11 sa ráiteas d'fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é ár bhfreagracht iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialacháin chuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairime, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a thaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh réidh i scríbhinn.

Tuairiscimid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag coinneáil leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chearta coinnithe ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais mar sin a bheith ann má bhíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár chomhardaithe, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear in iniúchadh fianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais a scrúdú ar bhonn tástála. Áirítear ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad, agus an bhfuil faisnéisiú dóthanach tugtha fúthu orthu.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a fháil a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó mírialtachta eile nó earráide. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán thíolacadh na faisnéise sna ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na nIniúchóirí (ar lean)

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig 2005 agus ar a bharrachas agus ar a insreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh, agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Inár dtuairim choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 8 go 10 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 17, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaoite agus, in ár dtuairim, ar an mbunús sin ní raibh staid airgeadais ann an 31ú Nollaig, 2005, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

24ú Márta, 2006

(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.

(b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2005. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag costas stairiúil lúide carnú dímheasa bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Tá an bunús don ríomh dímheasa mar seo a leanas:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóithre

Dímheastar feithiclí paisinéirí bóithre ar bhunús chostas stairiúil na bhfeithiclí san fhlít scaipthe thar a saoil úsáidigh ionchasaigh ar bhunús céatadán a bhíonn ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (ii) Gléasra agus innealra

Dímheastar gléasra agus innealra, trí thráthcodanna comhionanna bliantúla, ar bhunús an chostais stairiúil scaipthe thar a saoil úsáidigh ionchasaigh.

## (C) Sócmhainní ar léas

### Léasanna Oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

## (D) Stoic

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaítear do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

## (E) Deontais

### (i) Deontais ón Aontas Eorpach agus ón Státchiste

Déantar deontais ón Aontas Eorpach (AE) agus deontais Státchiste, a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail áirithe, a chur chur chuig sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Amúchtar iad chuig an gcuntas brabúis ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhítear infhaighte agus scaoiltear chuig an gcuntas caiteachais cuí sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Déileáltar leis an íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta (ar lean)

## (F) Airgeadra Coigríche

Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbhearta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

## (G) Pinsin

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Riomhtar an costas, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta ag comhaltaí na scéime. Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a aithnítear scaoilíocaíochtaí fostaithe agus áirítear iad sa chostas scaoilíocaíochtaí.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| **Bliain dar chríoch 31 Nollaig** | **Nótaí** | **2005** | 2004 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | | **181,453** | 177,553 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 2 | **(166,171)** | (159,059) |
| Ábhair agus seirbhísí | 3 | **(63,847)** | (66,130) |
| Dímheas | 4 | **(15,760)** | (14,755) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(245,778)** | (239,944) |
| **Easnamh roimh (cailliúint)/gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **(64,325)** | (62,391) |
| (Caillteanas)/gnóthachain ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | | **(45)** | 1,191 |
| **Easnamh roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **(64,370)** | (61,200) |
| Ús infhaighte | 5 | **1,466** | 1,429 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **(62,904)** | (59,771) |
| Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 6 | **64,900** | 61,810 |
| **Barrachas don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **1,996** | 2,039 |
| Easnamh carntha amhail thús na bliana | | **(12,363)** | (14,402) |
| **Easnamh carntha amhail dheiridh na bliana** | | **(10,367)** | (12,363) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta. Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas iad sin atá san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne,** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| **Amhail an 31 Nollaig** | **Nótaí** | **2005** | 2004 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | **120,708** | 119,601 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 8 | **3,500** | 2,592 |
| Féichiúnaithe | 9 | **81,566** | 79,886 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **187** | — |
| | | **85,253** | 82,478 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 10 | **(39,548)** | (39,990) |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | **45,705** | 42,488 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **166,413** | 162,089 |
| **Forálacha le haghaidh dliteanais agus muirear** | 12 | **(80,104)** | (76,992) |
| **Ioncam iarchurtha** | 13 | **(43,903)** | (44,687) |
| | | **42,406** | 40,410 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 14 | **31,743** | 31,743 |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | | **21,030** | 21,030 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(10,367)** | (12,363) |
| **Cistí Scairshealbhóirí** | 15 | **42,406** | 40,410 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** Cathaoirleach

**An tUasal A. O'Byrne,** Stiúrthóir

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| Bliain dar chríoch 31 Nollaig | Nótaí | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | 16 (A) | 14,191 | 19,068 |
| Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais | 16 (B) | 1,466 | 1,429 |
| Caiteachas caipitil | 16 (B) | (27,825) | (13,984) |
| Glan-insreabhadh /(eis-sreabhadh) airgid ó dhiúsairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 16 (B) | (11) | 1,590 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 16 (B) | 10,609 | 753 |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid tirim roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú | | (1,570) | 8,856 |
| Glan-bhainistiú acmhainní leachtacha | | 631 | (11,954) |
| Maoiniú | 16 (B) | — | (598) |
| Laghdú ar airgead tirim sa bhliain | | (939) | (3,696) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna i bhfiacha ag cuideachtaí sealbhaíochta arb ionann sin agus airgead tirim táirgthe ach nach bhfuil riachtanach láithreach d'oibríochtaí, a chuirtear ar fáil don chuideachta sealbhaíochta, in-aisíoctha ar éileamh.

| Réiteach glan-insreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí | | | |
|---|---|---|---|
| Laghdú in airgead tirim sa bhliain | 16 (C) | (939) | (3,696) |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó iarmhéid agus maoiniú léasa na cuideachta sealbhaíochta | 16 (C) | (631) | 12,552 |
| Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain | | (1,570) | 8,856 |
| Glan-chistí amhail an 1 Eanáir | 16 (C) | 73,719 | 64,863 |
| Glan-chistí amhail an 31 Nollaig | 16 (C) | 72,149 | 73,719 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2005** | 2004 | **2005** | 2004 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| Ioncam | **168,359** | 165,313 | **13,094** | 12,240 |
| Costais | **(235,804)** | (228,469) | **(8,553)** | (8,855) |
| (Easnamh)/barrachas oibríochta | **(67,445)** | (63,156) | **4,541** | 3,385 |
| Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **64,900** | 61,810 | **—** | — |
| Glan-(easnamh)/barrachas | **(2,545)** | (1,346) | **4,541** | 3,385 |

## 2 PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2005** | 2004 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | **146,317** | 140,332 |
| Costais leasa shóisialaigh | **13,161** | 12,701 |
| Costais pinsin eile | **6,725** | 6,216 |
| Obair chaipitlithe na cuideachta féin | **(167)** | (429) |
| **Iomlán na gcostas foirne** | **166,036** | 158,820 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| **Luachanna Saothair** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **40** | 40 |
| - do sheirbhísí eile | **95** | 199 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **135** | 239 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara iomlána** | **166,171** | 159,059 |

| | An Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2005** | 2004 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,407** | 3,408 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| | **2005** | 2004 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |

## 3 ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | | |
|---|---|---|
| Breosla agus bealaidh | **13,022** | 10,723 |
| Ábhair | **16,505** | 16,077 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **560** | 505 |
| Cíos agus rátaí | **512** | 486 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **39** | 40 |
| Cíosanna léasa oibríochta | **388** | 361 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **12,017** | 15,586 |
| Seirbhísí eile | **21,118** | 24,636 |
| Deontais Ioncaim *(nóta 13)* | **(314)** | (2,284) |
| | **63,847** | 66,130 |

## 4 DÍMHEAS

| | | |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 7)* | **26,684** | 26,739 |
| Amúchadh deontas caipitil AE/Státchiste | **(10,924)** | (11,984) |
| | **15,760** | 14,755 |

## 5 ÚS (INFHAIGHTE)/INÍOCTHA

| | | |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna le cuideachta sealbhaíochta | **(1,465)** | (1,439) |
| Ar léasanna airgeadais | **—** | 11 |
| Fáltais úis eile | **(1)** | (1) |
| | **(1,466)** | (1,429) |

## 6 OIBLEAGÁID SEIRBHÍSE POIBLÍ

B'ionann an t-íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha le Bus Átha Cliath – Dublin Bus trína chuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, agus €64,900,000 don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig, 2005 (2004 - €61,810,000).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7 SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóithair €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1ú Eanáir, 2005 | **248,023** | **30,064** | **278,087** |
| Breiseanna | **20,369** | **7,456** | **27,825** |
| Diúscairtí | **(799)** | **(1,710)** | **(2,509)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2005** | **267,593** | **35,810** | **303,403** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1ú Eanáir, 2005 | **141,620** | **16,866** | **158,486** |
| Muirear don bhliain | **23,390** | **3,294** | **26,684** |
| Diúscairtí | **(765)** | **(1,710)** | **(2,475)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2005** | **164,245** | **18,450** | **182,695** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2005** | **103,348** | **17,360** | **120,708** |
| Amhail an 31ú Nollaig, 2004 | 106,403 | 13,198 | 119,601 |

(a) Seo a leanas saoil úsáidigh ionchasaigh na gcineálacha éagsúla sócmhainní do chríocha dímheasa:

| | **Saoil (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóithair | 8 – 10 |
| Gléasra agus innealra | 1 – 15 |

(b) Bhí feithiclí paisinéirí bóithair ag costas €31,029,000 (2004 – €13,068,000) dímheasta in iomlán ach bhí siad fós in úsáid amhail dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €31,000 (2004 – €16,000) i ndáil le feithcilí paisinéirí bóithair san áireamh sna breiseanna thuas, is sócmhainní iad a bhfuiltear á dtógáil faoi láthair agus sócmhainní nach bhfuil i mbun seirbhíse go fóill.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|

## 8 STOIC

| | | |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **2,042** | 1,645 |
| Breosla, bealaidh agus stoic éagsúla eile | **1,458** | 947 |
| | **3,500** | 2,592 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar cheanglais oibríochta fadtéarmacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

## 9 FÉICHIÚNAITHE

| | | |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **5,091** | 4,663 |
| Méideanna dlite den chuideachta sealbhaíochta | **73,432** | 74,063 |
| Deontais AE/ Státchiste infhaighte | **2,028** | — |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,015** | 1,160 |
| | **81,566** | 79,886 |

## 10 CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | | |
|---|---|---|
| Rótharraingt | **1,470** | 344 |
| Creidiúnaithe trádála | **5,510** | 4,780 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **1,714** | 2,702 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | **1,802** | 3,437 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **268** | (102) |
| Creidiúnaithe eile | **2,086** | 2,184 |
| Ioncam iarchurtha | **3,127** | 2,652 |
| Fabhruithe | **2,247** | 3,224 |
| Scaoileadh deonach | **184** | 98 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 12)* | **10,000** | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 13)* | **11,140** | 10,671 |
| | **39,548** | 39,990 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **3,784** | 6,037 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|

## 11 OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

**Léasanna Oibríochta**

Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas:

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **96** | 115 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **67** | 139 |
| | **163** | 254 |

## 12 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2005 | **86,992** | 80,173 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(8,414)** | (8,253) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **11,526** | 15,072 |
| **Iarmhéid tugtha chun cinn amhail an 31 Nollaig, 2005** | **90,104** | 86,992 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **10,000** | 10,000 |
| Méideanna a bheidh dlite tar éis breis is bliain amháin | **80,104** | 76,992 |
| | **90,104** | 86,992 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus muirir.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh bóthair a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gur os cionn US$3,3000,000 é;

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 ar aon tharlú amháin nó sraith tarluithe ag eascairt as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin;

   (a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit gur os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus

   (b) aon dhamháiste eile ó thuile áit gur os cionn €250,000 é;

(iii) dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2005 go dtí Márta 2006; faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa iomláin de €27,000,000;

(iv) is €10,000,000 an clúdach dliteanais phoiblí sceimhlitheoireachta don Ghrúpa, faoi réir na farrasbairr cuí sa chatagóir imeachtaí;

## 12 FORÁLACHA DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR (ar lean)

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach** (ar lean)

(v) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag, ó Aibreán 2005 go dtí Márta 2006, do dhliteanais tríú páirtí iarnróid agus bóithre agus rioscaí eile;

(vi) priacail dóiteáin agus speisialta don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa sa bhreis ar €1,000,000 maidir le haon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, le barrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán; agus

(vii) is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus stoc tollta bóithre agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

**(B) Forálacha d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara**

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le forálacha éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn forálacha teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 13 IONCAM IARCHURTHA

| | 2005<br>€000 | 2004<br>€000 |
|---|---|---|
| Léiríonn an cuntas seo deontais AE/ Státchiste a chuirfear chun sochair de réir polasaí cuntasaíochta E. | | |
| **Deontais ón Aontas Eorpach/ón Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir, 2005 | **55,358** | 66,589 |
| Faighte agus infhaighte | **10,923** | 3,037 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(10,924)** | (11,984) |
| Deontais ioncaim *(nóta 3)* | **(314)** | (2,284) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhil an 31 Nollaig, 2005** | **55,043** | 55,358 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **11,140** | 10,671 |
| Méideanna a bheidh dlite tar éis breis is bliain amháin | **43,903** | 44,687 |
| | **55,043** | 55,358 |

## 14 SCAIRCHAIPITEAL

| | 2005 | 2004 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **38,092** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha in iomlán:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **31,743** | 31,743 |

## 15 RÉITEACH NA GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2005 | 2004 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **1,996** | 2,039 |
| Cistí tosaigh gnáthscaireanna scairshealbhóirí | **40,410** | 38,371 |
| **Cistí deiridh gnáthscaireanna scairshealbhóirí** | **42,406** | 40,410 |

## 16 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **(64,370)** | (61,200) |
| Íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí *(nóta 6)* | **64,900** | 61,810 |
| | **530** | 610 |
| Dímheas | **26,684** | 26,739 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(10,924)** | (11,984) |
| Caillteanas/(gnóthachan) ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | **45** | (1,191) |
| Méadú i stoic | **(908)** | (217) |
| Méadú i bhféichiúnaithe | **(2,311)** | (2,161) |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus forálacha | **1,075** | 7,272 |
| **Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **14,191** | 19,068 |
| | | |
| **(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid** | | |
| **Seirbhísiú airgeadas** | | |
| Ús faighte | **1,465** | 1,439 |
| An mhír úis de chíosanna léasa airgeadais | **—** | (11) |
| Fáltais úis eile | **1** | 1 |
| **Glan-Insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **1,466** | 1,429 |
| | | |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(27,825)** | (13,984) |
| Glan-insreabhadh /(eis-sreabhadh) airgid ó dhiúsairt sócmhainní inláimhsithe | **(11)** | 1,590 |
| Deontais chaipitil AE/Státchiste | **10,609** | 753 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil** | **(17,227)** | (11,641) |
| | | |
| **Maoiniú** | | |
| Fiach dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Mír chaipitil ar chíosanna léasa airgeadais | **—** | (598) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó mhaoiniú** | **—** | (598) |

## 16 ÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID (ar lean)

| (C) Anailís ar ghlan-chistí | Amhail an 1ú Eanáir 2005 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31ú Nollaig 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | — | 187 | 187 |
| Rótharraingt | (344) | (1,126) | (1,470) |
| | | (939) | |
| Iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 74,063 | (631) | 73,432 |
| | | (631) | |
| **Iomlán** | 73,719 | (1,570) | 72,149 |

## 17 PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as an modh aonaid theilgthe.

Cé gur scéimeanna sochair sainmhínithe iad na scéimeanna, níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúrach na scéimeanna amhail an 31ú Nollaig, 2005, ag baint úsáide as boinn a éilítear le Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) easnamh de €284.4 milliún. Tá na mionsonraí i ndáil leis na scéimeanna, a éilíonn FRS 17, i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

## 18 TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | 2005 €000 | 2004 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | 38,884 | 32,896 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí ach gan a bheith ar chonradh do | 421 | - |
| | 39,305 | 32,896 |

## 19 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 20 IDIRBHEARTA IDIR PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta sealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 21 COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath - Dublin Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa..

## 22 CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 24ú Márta, 2006.